C/2024/7046

21.11.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/7046)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge a chomhlíonann Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’

Uimh. AE: PDO-ID-2923 — 17.4.2023

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Indinéis

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.8. Táirgí eile d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is siúcra cnó cócó gránaithe é ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’ a dhéantar as sú cnó cócó a dhíorthaítear ó phlandaí cnó cócó a fhástar i Leasríocht Kulonprogo. Is iad na plandaí cnó cócó a úsáidtear chun ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’ a tháirgeadh an t-athraitheach áitiúil ón Limistéar Geografach críochaithe – Cnó cócó glas (Cocos nucifera, L. var viridis) agus Cnó cócó dearg (Cocos nucifera, L. var rubescens).

Tá céatadán ard Brix ag ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’ idir 16 – 16,2 % (16 – 16,2 gram de sholaid intuaslagtha ó 100 gram sú), siúcrós idir 63,60 % – 66,56 %, siúcra dí-ocsaídithe idir 5,83 % - 9,71 %, cion uisce idir 1,82 % - 4,92 %, agus cion luatha idir 1,84 % - 2,14 %.

Bíonn tionchar díreach ag céatadán ard Brix ar bhlas ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’ a bhfuil blas ard milis air. Tá boladh láidir cnó cócó aramatach, dea-bholadh toite, agus dea-bholadh caramail ar ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’, a bhraitheann go mór ar an modh próiseála áitiúil traidisiúnta. Dath donnbhuí atá ar ‘Gula Kelapa Kulonprogo Jogja’, agus uigeacht bhog mhín aige.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is éard is 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' ann siúcra gránaithe cnó cócó a tháirgtear ó shú cnó cócó a bhailítear ó chrainn cnó cócó a fhástar sna trí (3) cheantar seo a leanas de Leasríocht Kulonprogo amháin, is iad sin: Kokap, Girimulyo, agus Samigaluh.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tá roinnt pointí le breithniú sa táirgeadh, mar a thaispeántar thíos:

1. Ullmhú talún
2. Saothrú Plandaí
3. Bearnú Sú Cnó Cócó
4. Moill choipthe
5. Sú Cnó Cócó a phróiseáil ina shiúcra gránaithe
6. Próiseas siúcra gránaithe

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—-

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Lógó:

Ba cheart 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a lipéadú le lógó 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' agus Lógó Thásc Geografach Náisiúnta na hIndinéise. Léirítear an dá lógó san íomhá thíos.

Lógó 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'	Lógó Thásc Geografach Náisiúnta na hIndinéise

Lipéadú agus pacáistiú

Lipéadú

'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a chlúdach agus a phacáistiú

Ba cheart táirgí 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a lipéadú leis an méid seo a leanas:

a. An t-ainm *'Indikasi Geografis Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'* ('Tásc Geografach Gula Kelapa Kulonprogo Jogja')

b. Lógó Thásc Geografach 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'.

c. Cód Inrianaitheachta Táisc Gheografaigh

Mionsonraí an lógó:

d. Íomhá Chnoic Menoreh

e. Íomhá Crann Cnó Cócó

f. Íomhá 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'

g. Íomhá Shéadchomhartha Jogja

h. Scríbhinn 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' i dtrí (3) cheantar i Leasríocht Kulonprogo, is iad sin: Kokap, Girimulyo, agus Samigaluh. Tá teorainn thiar Leasríocht Kulonprogo suite i nDomhanfhad 110.0458° soir, tá an teorainn thoir suite i nDomhanfhad 110.2428° soir, tá an teorainn thuaidh suite i nDomhanleithead 7.6584° ó dheas, agus tá an teorainn theas suite i nDomhanleithead 7.9741° ó dheas.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá tionchar ag Tosca Nádúrtha agus Daonna araon ar 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja', is féidir é sin a fheiceáil trí chéatadán ard Brix idir 16 – 16,2 % (16 – 16,2 gram de sholaid intuaslagtha ó 100 gram sú), siúcrós idir 63,60 % – 66,56 %, siúcra dí-ocsaídithe idir 5,83 % - 9,71 %, cion uisce idir 1,82 % - 4,92 %, agus cion luatha idir 1,84 % - 2,14 %. Tá tionchar díreach ag % ard Brix ar bhlas 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a bhfuil blas láidir milis air.

Is é an rud a thugann sainiúlacht idir 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' agus siúcra cnó cócó eile ná ceimiceáin a úsáid chun moill a chur ar choipeadh. Ní bhaineann daoine de chuid Leasríocht Kulonprogo úsáid as táirgí ceimiceacha amhail *Déshuilfít sóidiam/Déshuilfít naitriam* chun moill a chur ar choipeadh agus sú á ghlacadh acu. Ach baineann daoine de chuid Kulonprogo úsáid as substaint nádúrtha ar a dtugtar *Laru*. Ina theannta sin, úsáideann muintir Kulonprogo connadh traidisiúnta chun 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a chócaráil, rud a thugann dea-bholadh toite ar leith dó.

Tionchar ar Thosca Nádúrtha

Mar a luaitear thuas, ní tháirgtear 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' ach amháin sna trí (3) cheantar seo a leanas de chuid Leasríocht Kulonprogo, is iad sin: Kokap, Girimulyo, agus Samigaluh. Tá an limistéar suite idir 100-500 m os cionn leibhéal na mara le fánaí droimneacha 2-15 %. Is iad incheapasail agus ithreacha alfasail príomhithreacha an talún agus na príomhábhair gaineamhchloiche ina sraitheanna le cré, aolchloch, agus aindéisít agus gaol sólaim an-domhain. Cré agus gaineamh atá in uigeacht na hithreach. Tá imoibriú ithreach neodrach nó beagán aigéadach le torthúlacht ithreach leordhóthanach. Tá acmhainneacht na hithreach uisce a choinneáil íseal, rud a dhéanann difear díreach do chion uisce an tsú, rud a fhágann go bhfuil céatadán ard de thiúchan siúcra sa sú agus, dá bhrí sin, go bhfuil blas an-mhilis ar 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'. Tá sé sin ar cheann de na tosca is cúis le céatadán ard brix 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'. Seachas an ithir, tá ról tábhachtach ag báisteach Leasríocht Kulonprogo i gcéatadán ard brix. Bíonn báisteach íseal faoi bhun 2 500 mm in aghaidh na bliana ag Leasríocht Kulonprogo, rud a fhágann go mbíonn cion íseal uisce san ithir.

Is iad na plandaí cnó cócó a úsáidtear chun 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a tháirgeadh an t-athraitheach áitiúil ón Limistéar Geografach críochaithe. Is é an t-athraitheach cnó cócó i Leasríocht Kulonprogo cnó cócó ard, lena n-áirítear cnó cócó glas *(Cocos nucifera,* L. var *viridis)* agus cnó cócó dearg *(Cocos nucifera, L. var rubescens)*. Tá stoc mór crainn ag an gcineál seo plandaí cnó cócó ar féidir leo 30 méadar ar airde a bhaint amach. Tosaíonn an cnó cócó sin torthaí a thabhairt tar éis 6-8 mbliana saothraithe. Is féidir le cnónna cócó den chineál sin maireachtáil ar feadh níos mó ná céad bliain.

Tionchar ar Thosca Daonna

Tá tionchar láidir ag an toisc dhaonna agus an saineolas áitiúil ar shaintréithe 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' mar a mhínítear thíos:

Córas Saothraithe Plandaí

Tá an córas saothraithe cnó cócó bunaithe ar athraitheach crann cnó cócó a fhástar go háitiúil, athraitheach crann cnó cócó ard de chnó cócó glas *(Cocos nucifera, L. var viridis)* agus cnó cócó dearg *(Cocos nucifera, L. var rubescens)*. Tá córas ag muintir Kulonprogo cheana féin a d'fhág a sinsir mar oidhreacht chun plandaí a shaothrú, amhail uainíocht barr a chur i bhfeidhm do phlandaí óga idir crainn cnó cócó agus aoileach glas agus clúdach talún (móta) a úsáid. Ina theannta sin, tá córas rialaithe lotnaidí, galair agus fiailí ag muintir Kulonpogo freisin trí phrúnáil, grafadh nó gortghlanadh *(dangir)*. Coinnítear leis sin cáilíocht na bplandaí cnó cócó chun dea-cháilíocht a tháirgeadh le haghaidh 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja'.

Córas Bailithe Sú Cnó Cócó

Déantar sú cnó cócó a bhailiú ó choimeádán ar a dtugtar *bumbung* (coimeádán bambú) atá an-sláinteach, agus toisc gurb as bambú a dhéantar an coimeádán, ní dhéantar an sú cnó cócó a ocsaídiú. Bailítear an sú ar maidin agus sa tráthnóna chun cáilíocht an tsú cnó cócó a choinneáil ar bun. Tá am an bhailiúcháin ríthábhachtach chun cáilíocht an tsú a choinneáil ar bun toisc go seachnaíonn muintir Kulonprogo an coimeádán a fhágáil rófhada ionas gur féidir leis an sú coipeadh agus difear a dhéanamh do bhlas an tsú. D'fhoghlaim muintir Kulonprogo an méid ceart ama chun sú a bhailiú ionas nach bhfágfar an coimeádán rófhada, is féidir leis sin an dea-bholadh caramail agus cnó cócó atá ar 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a choinneáil ar bun.

Conas an sú a thógáil

Ní ligeann táirgeoirí 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' do tháirgí ceimiceacha (Déshuilfít sóidiam/Déshuilfít naitriam) moill a chur ar choipeadh agus sú á thógáil acu ach ceadaítear substaintí nádúrtha amhail *laru* (comhábhair). Tagann *laru* ó chomhábhair nádúrtha, is iad sin: sú mangaistíní + uisce aolchloiche nó sú mangaistíní amháin. Is príomhchleachtas é coipeadh sú a rialú agus moill a chur air chun cáilíocht an táirge deiridh a áirithiú.

Cócaireacht

Cócarálann (bruitheann) táirgeoirí 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' sú dhá uair sa lá (ar maidin agus sa tráthnóna) díreach tar éis sú a bhuaint chun coipeadh an tsú a chosc.

Chun 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a chócaráil, baineann muintir Leasríocht Kulonprogo úsáid as connadh traidisiúnta. Tríd an bpróiseas sin, faigheann 'Gula Kelapa Kulonprogo Jogja' a dhea-bholadh toite.

Déanann na traidisiúin thuasluaite a thugtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin difear mór do shaintréithe an tsú agus an táirge deiridh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

'Sraith Uimh. 02/IG/IV/A/2014 d'Iris A maidir le Tásca Geografacha na hIndinéise (16 Aibreán 2014 - 16 Iúil 2014)'